# Comórtas Amhránaíochta na Scoileanna 2017

Ón Daingean go California, tá sé dochreidte go bhfuil an oiread ceoltóirí chomh hiontach sin tar éis páirt a ghlacadh i CEOL 2017 le hEoghan McDermott. An phríomhtheachtaireacht atá againn ná gur féidir le duine ar bith an Ghaeilge a úsáid, agus léiríonn an t-albam seo go bhfuil sin iomlán indéanta! Seo deis daoibh an Ghaeilge a úsáid agus a chur chun cinn sa scoil trí pháirt a ghlacadh i gComórtas Amhránaíochta na Scoileanna 2017.

Ní gá do do rang ach ceann amháin de na hamhráin ón albam CEOL 2017 le hEoghan McDermott a roghnú agus é a thaifeadadh le páirt a ghlacadh. Tá duaiseanna iontacha le baint amach agus beidh sé mar spreagadh iontach do na daltaí féin.

Le déanamh ag an rang:
— Roghnaigh amhrán ón albam CEOL 2017 le hEoghan McDermott
— Foghlaim na focail (nó cuid de na focail i gcás ranga le daltaí óga)
— Déan taifeadadh ar an amhrán (le fón póca, inneall taifid fuaime, físcheamara, nó eile)
— Cuir an comhad den amhrán nó cuir nasc youtube chugainn ar ríomhphost chuig ceol@cnag.ie

Spriocdháta do na bunscoileanna:
— Dé Céadaoin, 21 Meitheamh 2017
Spriocdháta do na meánscoileanna:
— Dé hAoine, 13 Deireadh Fómhair 2017

# CEOL 2017

## le hEoghan McDermott



| | DUAISEANNA | Ó DHEAS | Ó THUAIDH |
|---|---|---|---|
| BUNSCOIL | Duais amháin – 30 t-léine | Rang 1 go Rang 3 | Rang 3 go Rang 5 |
| | Duais amháin – 30 t-léine | Rang 4 go Rang 6 | Rang 6 go Rang 7 |
| MEÁNSCOIL | Dhá dhuais – 30 t-léine an duais | Bliain 1 go Bliain 6 | Bliain 8 go Bliain 14 |

Tá físeán do gach amhrán ar fáil ag www.cnag.ie/ceol

Buíochas leis an gComhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta as tacaíocht a chur ar fáil leis an gcomórtas seo a eagrú agus le RTÉ 2fm don chúnamh ar fad leis an albam a chur le chéile. Tá na focail ar fáil le híoslódáil ar shuíomh gréasáin Chonradh na Gaeilge ag www.cnag.ie/ceol.

## 1. Picture This – Tóg Mo Lámh

Tóg mo Lámh
Is tar i bhfad liom
Féadfaimid cibé rud atá i do cheann a phlé

Bí cairdiúil liom
Ach go rúnda i ngrá liom
Béarfaidh mé ort ag stánadh
Agus tiocfaidh dath ar d'aghaidh

Is breá liom do ghruaig i ngaoth an tsamhraidh
Grá eadrainn ar nós do thuismitheoirí
Cineál faitíos orm roimh do dheartháir
Ó yeah

Tusa a theastaíonn uaim
Is tusa a mhothaím
Beidh mé ag béiceadh ag deireadh na hoíche
Is tú ag filleadh abhaile chuile oíche
Ó yeah

Cosa sa ghaineamh
Is mo chinn san uisce
Luaigh áit ar bith a stór is tógfaidh mé ann thú

Ní féidir liom deileáil
le fuacht na hoíche
Mé i mo sheasamh ann préachta
Ach m'éadaí álainn ortsa
Do lámh tríd mo ghruaig is muid le chéile
Mé féin agus do dheartháir an-chairdiúil
Dúirt sé go dtuigeann sé an grá atá eadrainn

Ó yeah

Tarraingeoidh mé trioblóid ortsa
Beidh mé dúnta i ngrá leat
Beimid ar meisce
Gan chiall lenár bhfocail
Ní bhainfidh aon rud an ghaoth as ár seolta
Ó no

Tóg mo Lámh
Is tar i bhfad liom
Féadfaimid cibé rud atá i do cheann a phlé

Is breá liom do ghruaig i ngaoth an tsamhraidh
Grá eadrainn ar nós do thuismitheoirí
Mé féin agus do dheartháir an-chairdiúil
Mé féin agus do dheartháir an-chairdiúil

Tusa a theastaíonn uaim
Is tusa a mhothaím
Beidh mé ag béiceadh ag deireadh na hoíche Is tú ag filleadh abhaile chuile oíche
Ó yeah

Tarraingeoidh mé trioblóid ortsa
Beidh mé dúnta i ngrá leat
Beimid ar meisce
Gan chiall lenár bhfocail
Ní bhainfidh aon rud an ghaoth as ár seolta
Ó no

Tóg mo Lámh
Is tar i bhfad liom
Féadfaimid cibé rud atá i do cheann a phlé

Scríofa ag: Ryan Hennessy, Jimmy Rainsford; Príomhghuth: Ryan Hennessy; Giotár: Jimmy Rainsford; Dordghiotár: Jimmy Rainsford; Drumaí: Jimmy Rainsford; Taifeadadh & Máistriú déanta ag: Jimmy Rainsford; Foilsithe ag: Rainsford, Hennessy; Aistrithe ag: Liam Óg Ó hOistín; Suíomh: www.picturethismusic.com

## 2. The Blizzards – In Ainm Is A Bheith Foirfe

Táim tar éis a bheith ag cuardach
Tar éis mo chairde is fearr a chailliúint
Táim ag lobhadh i bhfásach
Luím le daoine gur fuath liom
Nílim ag rá gur amadán mé
Gan réiteach nó fiú plean
Ligim buairt mé a shealbhú
Déan neamhaird orthu siúd

Tá sí in ainm is a bheith foirfe
Cad ina thaobh gur fuath liom í
Imíonn sí uaim
Imíonn sí uaim

Tá sí in ainm is a bheith foirfe
Cad ina thaobh gur fuath liom í
Imíonn sí uaim
Imíonn sí uaim

Táim go breá ach ní bheidh mé
Íocann tú as d'eachtraí
Táim ag bá fiú ar talamh
Nílim ag súil go dtuigfidh tú
Is splanc thintrí í
Ach níos dorcha ná dubh atáim
Níl uaim í a thabhairt liom
Is agamsa atá áit folaigh

Tá sí in ainm is a bheith foirfe
Cad ina thaobh gur fuath liom í
Imíonn sí uaim
Imíonn sí uaim

Tá sí in ainm is a bheith foirfe
Cad ina thaobh gur fuath liom í
Imíonn sí uaim
Imíonn sí uaim

Is cailín greannmhar tú do dhuine
chomh dathúil
Is leagan dona mé de Walter Mitty
Is féidir liom ligean (orm) go bhfuilim go breá
Ach taobh istigh, ní mar sin atá
Tá droch-chlú orm i gcathair chomh beag
Tar éis a bheith ag rith ón ngrá táim braon de
Ach tá stair agam, geallfad duit
Agus mé uaigneach tuigim go mbeidh mé go breá

'Sí foirfe (x6)

Tá sí in ainm is a bheith foirfe (x4)

Níl aon ghrá sa chathair anocht
Ach is fiú an troid don duine ceart
'Sí foirfe
'Sí foirfe
Tá sí in ainm is a bheith foirfe

Níl aon ghrá sa chathair anocht
Ach is fiú an troid don duine ceart
'Sí foirfe
'Sí foirfe
Tá sí in ainm is a bheith foirfe

Scríofa ag: Breslin, Ryan, Doran, Murphy, Lynch; Príomhghuth: Niall Breslin; Giotár: Justin Ryan; Dordghiotár: Anthony Doran; Drumaí: Declan Murphy; Méarchlár: Aidan Lynch; Taifeadta ag: Philip Magee; Foilsithe ag: Reckless Records; Aistrithe ag: Orlaith Nic Ghearailt, Edel Ní Bhraonáin; Suíomh: www.theblizzards.ie

## 3. Walking On Cars – Carr Os Mo Chomhair

Má bhím i lár na sráide
Carr os mo chomhair
Chun teacht ar do chuid óir
Cad ba mhaith leat
Cad atá sa cheann
Gheobhadsa bonn
Is breá liom ná feadar siad

An t-aon ní atá againn ná na rúin seo
Na diabhail sa dorchadas
Bréag arís, n'fheadaraís
Níl aon deireadh leis
Ní bheidh a fhios acu go deo
Fhios fiú leath-mhiongháire
Clog ar nós mo lámha
Bheimis mar leathchairde
Caithfimidne scaoileadh leis go fóill

Ag canadh hey yeah hey yeah hey yeah hey yeah hey yeah hey yeah hey yeah

Caithfimidne scaoileadh leis
Scaoileadh leis go fóill

Ag canadh hey yeah hey yeah hey yeah hey yeah hey yeah hey yeah hey yeah

Beadsa ag cuimhneamh ort
Ó ag cuimhneamh ort go deo

Má bhím i lár na sráide
Carr os mo chomhair
Chun teacht ar do chuid óir
Cad ba mhaith leat
Cad atá sa cheann
Gheobhadsa bonn
Is breá liom ná feadar siad

An t-aon ní atá againn ná na rúin seo
Na diabhail sa dorchadas
Bréag arís, n'fheadaraís
Níl aon deireadh leis
Ní bheidh a fhios acu go deo
Fhios fiú leath-mhiongháire
Clog ar nós mo lámha
Bheimis mar leathchairde
Caithfimidne scaoileadh leis go fóill

Ag canadh hey yeah hey yeah hey yeah hey yeah hey yeah hey yeah hey yeah

Caithfimidne scaoileadh leis
Scaoileadh leis go fóill

Ag canadh hey yeah hey yeah hey yeah hey yeah hey yeah hey yeah hey yeah

Beadsa ag cuimhneamh ort
Ó ag cuimhneamh ort go deo

Má bhím i lár na sráide
Carr os mo chomhair
Chun teacht ar do chuid óir
Cad ba mhaith leat
Cad atá sa cheann
Gheobhadsa bonn
Is breá liom ná feadar siad

An t-aon ní atá againn ná na rúin seo
Na diabhail sa dorchadas
Bréag arís, n'fheadaraís
Níl aon deireadh leis
Ní bheidh a fhios acu go deo
Cuir mo rún ar fhógra
Caithfeadsa bheith cróga
Ar nós an té is óige
So cuir mo rún ar fhógra
Caithfeadsa bheith cróga
Ar nós an té is óige
So cuir mo rún ar
Cuir mo rún ar fhógra

Ag canadh hey yeah hey yeah hey yeah hey yeah hey yeah hey yeah hey yeah

Caithfimidne scaoileadh leis
Scaoileadh leis go fóill

Ag canadh hey yeah hey yeah hey yeah hey yeah hey yeah hey yeah hey yeah

Beadsa ag cuimhneamh ort
Ó ag cuimhneamh ort go deo

i lár na sráide le carr os mo chomhair

Ag cuimhneamh ort go deo
Ag cuimhneamh ort go deo

hey yeah hey yeah hey yeah hey yeah hey yeah hey yeah hey yeah

Beadsa ag cuimhneamh ort
Ó ag cuimhneamh ort go deo

Scríofa ag: Patrick Sheehy, Sorcha Durham, Dan Devane, Paul Flannery, Evan Hadnett; Príomhghuth: Patrick Sheehy; Giotár: Dan Devane; Dordghiotár: Paul Flannery; Drumaí: Evan Hadnett; Taifeadta ag: Jack Ruston i 'State Of The Ark', Londain; Máistriú déanta ag: Mark McCabe; Foilsithe ag: Big Life Music New Works; Aistrithe ag: Sorcha Durham, Róisín Ní Lúing, Patrick Sheehy, Ben Moriarty; Suíomh: www.walkingoncars.com

## 4. Gavin James – Neirbhíseach

Geallaim duit mo lámha i do thimpeall
Nuair a bhíonn tú préachta i lár na hoíche
Le déanaí is mé ag smaoineamh nár thaispeáin mé
Go spreagann tú an ceol seo i mo chroí

An fhéile sin dár sásamh i lár an tsamhraidh
Faitíos orainn roimh thaibhsí ar an traen
Is mar a tharlaíonn ag deireadh gach lae,
Is dóigh liom go raibh ár ngrá ag dul in éag
Ní ligfidh mé don ghrá seo dul i méid (mar sin)

Beagáinín neirbhíseach nuair a bhí mé leat
Ag creathadh is ar crith le brionglóidí
Na hamhráin sin nach bhfuil cloiste agam go fóill
Níor aithin mé na focail i mo chroí
I mo chroí

Nach orm atá an stró

Cé a bheidh leat go deo?
Cé a bheidh leat go deo?
Cé a bheidh leat go deo?
Mura mbím ann

Duine nua láidir le do thaobh
An ghaoth sa gheimhreadh orm níos measa fós
Seans go gcasfar ar a chéile sinn go fóill
B'fhéidir nach dtarlóidh
Ní thabharfaidh mé an grá seo duit go fóill (mar sin)

Ní go fóill

Ní thabharfaidh mé an grá seo duit go fóill (mar sin)

Scríofa ag: Gavin James; Príomhghuth: Gavin James; Giotár: Gavin James; Foilsithe ag: Kobalt; Aistrithe ag: Jenny Ní Ruiséil; Suíomh: www.gavinjamesmusic.com

## 5. Matt Simons – Ag Glacadh is Ag Scaoileadh

Is liom an áit seo
Nach n-airím cráite
Níl mé caillte
Is rud ann atá de dhíth

Áit ar shamhlaigh mé faoi
Chuile rud geal faoin ngrian
Is na hoícheanta lán
Talann is féidearthachtaí

Chuile rud thar mo cheann
Ag siúl gan mo chosa fúm
Tóg anois mé go háit ina mbeidh
'n crá chroí seo imithe
Lean anois ann ar aghaidh
Stop leat ag coinneáil greim
Glac an lá sin is béic amach an
chuid sin dím

Ó lá go lá 'mé dall don ghrian
Is imithe liom
Gan stró

Leanann chuile dhuine réasún
Leanann chuile dhuine é
Muid ag glacadh is ag scaoileadh
A fhorbraíonn i gcaitheamh an lae
Fanann sé istigh ann
Ag cuisliú trí do chorp
Ag roinnt rún dá chéile
Is ag cuimhneamh faoin saol seo

Is liom an áit seo
Nach n-airím cráite
Gan analú níos moille
Lig amach is fan lasmuigh
Bíonn faitíos orainne
I gcaitheamh na huaire
is ag soiléiriú nuair,
a fhanann mothúcháin laistigh

Chuile rud thar mo cheann
Ag siúl gan mo chosa fúm
Tóg anois mé go háit ina mbeidh
'n crá chroí seo imithe
Lean anois ann ar aghaidh
Stop leat ag coinneáil greim
Glac an lá sin is béic amach an
chuid sin dím

Ó lá go lá mé dall don ghrian
Is imithe liom
Gan stró

Leanann chuile dhuine réasún
Leanann chuile dhuine é
Muid ag glacadh is ag scaoileadh
A fhorbraíonn i gcaitheamh an lae

Fanann sé istigh ann
Ag cuisliú trí do chorp
Ag roinnt rún dá chéile
Is ag cuimhneamh faoin saol seo

Leanann chuile dhuine réasún
Leanann chuile dhuine é
Muid ag glacadh is ag scaoileadh
A fhorbraíonn i gcaitheamh an lae

Fanann sé istigh ann
Ag cuisliú trí do chorp
Ag roinnt rún dá chéile
Is ag cuimhneamh faoin saol seo

Scríofa ag: Simons, Mattiasson; Príomhghuth: Matt Simons; Giotár: Erik Mattiasson; Drumaí: Erik Mattiasson; Taifeadta ag: Erik Mattiasson; Máistriú déanta ag: Bob Ludwig; Foilsithe ag: Simons, Kobalt, IQ Music; Aistrithe ag: Jenny Ní Ruiséil; Suíomh: www.mattsimonsmusic.com

## 6. Delorentos – Téigh sa Seans

Chonaic mé an tine inniu
Is bhreathnaigh mé isteach inti
Beirt againn trí thine go luath
Agus céim ar chéim ag déanamh dearmaid ar
An áit a rabhamar inné

Bímis réidh leis
Déan dearmad
Ní fiú é
Téigh sa seans
Is tapaigh an deis
Ná féach siar
Bog ar aghaidh
Téigh sa seans
Is tapaigh an deis

Bhínn ag snámh i m' luí
Aisling ar an muir agus na mílte féidearthachtaí
Ach anois is mé i m' shuí
Gan éalú ó na tonnta nó na taoidí

Bímis réidh leis
Déan dearmad
Ní fiú é
Téigh sa seans
Is tapaigh an deis
Ná féach siar
Bog ar aghaidh
Téigh sa seans
Is tapaigh an deis
Is tapaigh an deis

Aer fionnuar anseo
Gach anáil a ghlactar mar mheabhrú ar an saol mar atá
Ta sé ar nós scannáin
Muid anseo gan aon tuiscint céard atá i ndán
Bímis réidh leis
Déan dearmad
Ní fiú é
Téigh sa seans
Is tapaigh an deis
Ná féach siar
Bog ar aghaidh
Téigh sa seans
Is tapaigh an deis (x5)

Scríofa ag: Delorentos; Príomhghuth: Kieran Mc Guinness, Ro Yourell; Giotár: Ronan Yourell, Kieran Mc Guinness; Dordghiotár: Nial Conlan; Drumaí & Méarchlár: Ross Mc Cormick; Taifeadta & Léirithe ag: Rob Kirwan; Guth taifeadta ag: Adrian Garry; Aistrithe ag: Maria Schäler; Suíomh: www.delorentos.net t

## 7.Gabrielle Aplin – Airím (Uaim) Tú

Céard atá ar siúl agat (mar sin)?
'Mé ag dúiseacht liom féin an saol foirfe liom
An bhfuil tú mar a chéile?
Abair é más maith leat ach níor mhaith liom an t-eolas
Beidh, beidh an t-am curtha amú gan sásamh ón aidhm
Céard atá ar siúl agat (mar sin)?
'Mé do do chuartú aréir ach ní tú a bhí ann
An bhfuil tú mar a chéile?
Ag ceapadh go bhfuil tú níos fearr leat féin
Ní fhaighim, aon fhaoiseamh nó éalú ó d'aghaidh
Do ghrá ann i ngan fhios dom is mé mar

A stór airím tú
An t-aon rud geallta fúm
'Mé ag filleadh ar ais go luath
ní scaoilfear leat go deo
Ó airím tú
Leithscéalta ag dul amú
'Mé ag filleadh ar ais go luath
ní scaoilfear leat go deo
Ó ní scaoilfear leat go deo

Céard atá ar intinn?
Ag suí leat sa gcarr is tú leath déanta liom
Ag rá nach raibh fadhb
Mar is fada an lá ó bhí tú ar mo shon
Gan mhairg, tú ag glacadh le deireadh na ndeor
ag clúdach m'aghaidhe
Ach anois airíonn tú mo chroíse, is mé mar

A stór airím tú
An t-aon rud geallta fúm
'Mé ag filleadh ar ais go luath
ní scaoilfear leat go deo
Ó airím tú
Leithscéalta ag dul amú
'Mé ag filleadh ar ais go luath
ní scaoilfear leat go deo
Ó ní scaoilfear leat go deo

'mbeidh tú liom i gcónaí?
'mbeidh tú ar mo thaobh?
Is duine mar thú is do ghrá atá de dhíth
'mbeidh tú liom i gcónaí
'mbeidh tú ar mo thaobh?
Is duine mar thú is do ghrá atá de dhíth

A stór airím tú
An t-aon rud geallta fúm
'Mé ag filleadh ar ais go luath
ní scaoilfear leat go deo
Ó airím tú
Leithscéalta ag dul amú
'Mé ag filleadh ar ais go luath
ní scaoilfear leat go deo
Ó ní scaoilfear leat go deo

'mbeidh tú liom i gcónaí?
'mbeidh tú ar mo thaobh?
Is duine mar thú is do ghrá atá de dhíth
'mbeidh tú liom i gcónaí?
'mbeidh tú ar mo thaobh?
Is duine mar thú is do ghrá atá de dhíth

Scríofa ag: Liz Horsman, Gabrielle Aplin; Príomhghuth: Gabrielle Aplin; Pianó: Gabrielle Aplin; Foilsithe ag: Peer Music; Aistrithe ag: Jenny Ní Ruiséil;
Suíomh: www.gabrielleaplin.co.uk

## 8. Seo Linn – Solas

Is minic triail a d'fhan liom le fada ina dhiaidh
Dá mhéad an stró 'sea 's fearr na ceachtanna
Tá mé ag siúl liom gan beann orm féin ná'r mo threo
Anois caithfidh mé tiontú 's filleadh ar ais chun bairr

Seod an lá
A leagadh amach dom, a rith liom i gcónaí im' chroí
Agus tá
An solas ag titim, ag sileadh anuas ar an aoibh

B'í an lasair im' chroí a spreag dom an tseanmhian
Meangadh machnaimh 's mé i bhfolach ann
D'fhág mé an lorg ar lár an lá sin a rith mé
"Bíodh leat 's ná lean an té a lean..."

Seod an lá
A leagadh amach dom, a rith liom i gcónaí
im' chroí
Agus tá
An solas ag titim, ag sileadh anuas ar an aoibh

Ná bí ann - ins an dorchacht
Oh no ná bí ann - ins an bhforaois
Oh no ná bí ann - ins an dorchacht
Oh no ná bí ann – ins an bhforaois
Oh no ná bí ann - rith le solas
Oh no ná bí ann - ins an bhforaois
Oh bíodh tú ann - ins an solas
Oh bíodh tú ann - tú ann - tú ann
Seod an lá
A leagadh amach dom, a rith liom i gcónaí im' chroí
Agus tá
An solas ag titim, ag sileadh anuas ar an aoibh

Seod an lá
A leagadh amach dom, a rith liom i gcónaí im' chroí
Agus tá
An solas ag titim, ag sileadh anuas ar an aoibh
Seod an lá
A leagadh amach dom, a rith liom i gcónaí
im' chroí
Agus tá
An solas ag titim, ag sileadh anuas ar an aoibh

B'í an lasair im' chroí a spreag dom an tseanmhian
Meangadh machnaimh 's mé i bhfolach ann

Scríofa ag: Stiofán Ó Fearail, Daithí Ó Ruaidh, Keith Ó Briain, Kevin Shortall; Príomhghuth: Daithí Ó Ruaidh, Stiofán Ó Fearail; Giotár: Stiofán Ó Fearail; Dordghiotár: Keith Ó Briain; Drumaí: Keith Ó Briain; Bosca Ceoil: Kevin Shortall; Méarchlár: Daithí Ó Ruaidh; Taifeadta ag: Keith Ó Briain, James Darkin; Eile: Leis an Cork Youth Orchestra; Scór déanta ag: Paul Frost; Suíomh: www.seolinn.com

## 9. The Coronas – Inis Dom Arís

Ní thuigeann tú théis na mblianta
Ní éisteann tú ariamh
Ach nuair nach bhfuil éinne thart
Athraíonn d'aoibh

Ó inis dom arís
Go gcuireann tú le mo shaol
Mo chara dhílis
Éist níl aon bhaol

Ag streachailt chun é a mhíniú
Tuigfidh mé gan fhadhb
Beidh mé ann le tacú
Chun thú a threorú ar aghaidh

Ó inis dom arís
Go gcuireann tú le mo shaol
Mo chara dhílis
Tarraing do phictiúr dom
Ó ní riamh arís
Mo chara dhílis

An bhfanfaidh tú anseo?
An dtitfidh mé siar?
Beidh mé ag imeacht ach ní miste leat
i ndáiríre
Ag dul i bhfeidhm ort chomh héasca sin
Ortsa níl aon aithne mhaith
Mar sin pé scéal é déan cinnte bheith
sona le do ghrá

Ag streachailt chun é a mhíniú
Tuigfidh mé gan fhadhb
Beidh mé ann le tacú
Chun thú a threorú ar aghaidh

Ó inis dom arís
Go gcuireann tú le mo shaol
Mo chara dhílis
Tarraing do phictiúr dom
Ó ní riamh arís
Beidh mé ann i do shaol
Mo chara dhílis
Éist níl aon bhaol

Scríofa ag: David McPhillips; Príomhghuth: David McPhillips; Giotár: David McPhillips; Fonnadóireacht Taca: Danny O'Reilly; Pianó: Danny O'Reilly; Veidhlín/Vióla: Elspeth Hanson; Taifeadta ag: Gavin Muddiman; Foilsithe ag: Big Life Music New Works; Aistrithe ag: Niamh Ní Ghoill; Suíomh: www.thecoronas.net

## 10. Heathers – Mí na Samhna

Oíche fhuar inár n-aghaidh
Cuimhneamh siar go mí na Samhna
Le mo shúile ar d'aghaidh
Gan fhios cén uair le ligean dhó
Crochadh ort le greim
Ag fanacht ar chúrsaí le hathrú
Tú ag breathnú ar aghaidh
Ag cuardach d'áite féin sa saol mór

Ó tá an domhan seo lán le doiléireacht shéimh
Oibríonn sé ar do shonsa
Faoi cheilt i gcónaí ar thaobh

Ó thréig tú mé i lár fhuacht an gheimhridh
Is an spéir ag titim
Anuas orm is mé liom féin
Ó thréig tú mé i lár fhuacht an gheimhridh
Mo chroí trom ag titim
Gan tú liom liom liom

Oíche fhuar inár n-aghaidh
Cuimhneamh siar go mí na Samhna
Le mo shúile ar d'aghaidh
Le go leor deacracht' is stró
Nuair a théann ciall i gcéin
Díreach cosúil le do mheonsa
Is tú imithe ar strae
Ní mhothóidh tú seo arís go brách

Ó tá an domhan seo lán le doiléireacht shéimh
Oibríonn sé ar do shonsa
Faoi cheilt i gcónaí ar thaobh

Ó thréig tú mé i lár fhuacht an gheimhridh
Is an spéir ag titim
Anuas orm is mé liom féin
Ó thréig tú mé i lár fhuacht an gheimhridh
Mo chroí trom ag titim
Gan tú liom liom liom

Anois táim caillte
Ins an chiúnas i lár sneachta i rith an tsamhraidh
Is cuimhin liom tú ag glaoch amach dom féin
Bhfuil tú caillte?
Ins an chiúnas i lár sneachta i rith an tsamhraidh
Duine eile ag glaoch amach duit féin

Ó thréig tú mé i lár fhuacht an gheimhridh
Is an spéir ag titim
Anuas orm is mé liom féin
Ó thréig tú mé i lár fhuacht an gheimhridh
Mo chroí trom ag titim
Gan tú liom liom liom

Ó thréig tú mé i lár fhuacht an gheimhridh
Is an spéir ag titim
Anuas orm is mé liom féin
Ó thréig tú mé i lár fhuacht an gheimhridh
Mo chroí trom ag titim
Gan tú liom liom liom

Scríofa ag: Louise Macnamara, Colin Devlin; Príomhghuth: Louise Macnamara, Ellie Macnamara; Giotár: Louise Macnamara; Dordghiotár: Louise Macnamara; Drumaí: John Reynolds; Traic taifeadta ag: John Reynolds; Guth taifeadta ag: Louise Macnamara; Máistriú déanta ag: Kevin Metcalfe ag Soundmasters; Aistrithe ag: Ian Mac Gabhann; Suíomh: www.heathersmusic.net

## 11. IMLÉ – Críochfort

Meas tú céard a dhéanfar leis na hacmhainní atá againn
An ligfidh muid orainn nach mbeidh deireadh leo go deo
nó diriú ar an ídiú le tuile luas ghearú
smaoineamh ar an ngearradh siar, sin srian a shamhlú

Meas tú an bhfuil sé fíor nach féidir ariamh
éalú ón deireadh, ceann scríbe an duine
déan mar is mian leat ach ná déan dearmad
níl ionat ach scamall anseo ar an bplainéad

Tinn tuirseach den teidlíocht a léirítear
scaití ní bhíonn mé (bhím) féin mórán níos fearr
fear leithliseach, gan chiall, leibide santach
rud a chuireadh drochbhail ar mhisneach

cén fáth nach bhfeiceann tú
na rudaí céanna a fheiceann mé (fheicim) nuair a bhreathnaíonn
tú amach ar an gcuan álainn sin amach romhainn

Na rudaí céanna a bhfeiceann mé (fheicim)

Tá a fhios agaibh nuair a bhíonn sibh cráite
caite ag an gcur i gcéill nach stopann ag grágáil
gan loighic ná ciall ar nós inneall tionsclaíoch
gan smacht intinne ní aimseoidh tú do chríochfort

B'fhéidir gurb in díreach an rud atá uainn
b'fhéidir nach bhfuil aon dóchas ann dúinn
b'fhéidir gurb in díreach an aisling mheabhail
tá sé deacair agam a rá mar níl ionam ach scamall

B'fhéidir nach bhfuil a leithéid de rud ann agus faoiseamh
b'fhéidir nach bhfuil le déanamh ach a bheith ag caoineadh
nó gluaiseacht chun cinn ag fuaimiú go binn
ag neartú an phaisin is ag cur leis an domhan

cén fáth nach bhfeiceann tú
na rudaí céanna a fheiceann mé (fheicim) nuair a bhreathnaíonn
tú amach ar an gcuan álainn sin amach romhainn

Na rudaí céanna a bhfeiceann mé (fheicim)

níl tú leat féin, a mhac
feargach líonta lán de bhrón
caith uait an diúltach
scaip an dearfach timpeall an domhain

níl tú leat féin, a mhac
níl tú leat féin, a mhac
caith uait an diúltach
scaip an dearfach timpeall an domhain

B'fhéidir gurb in dírech an rud atá uainn
b'fhéidir go bhfuil beagáinín dóchais ann dúinn
b'fhéidir gurb in díreach an aisling mheabhail
tá sé deacair agam a rá mar níl ionam ach scamall

B'fhéidir go bhfuil leithéid de rud ann agus faoiseamh
b'fhéidir nach bhfuil le déanamh ach a bheith ag caoineamh
nó gluaiseacht chun cinn ag fuaimiú go binn
ag neartú an phaisin is ag cur leis an domhan

cén fáth nach bhfeiceann tú

Tá a fhios agaibh nuair a bhíonn sibh cráite
caite ag an gcur i gcéill nach stopann ag grágáil
gan loighic ná ciall ar nós inneall tionsclaíoch
gan smacht intinne ní aimseoidh tú do chríochfort

B'fhéidir gurb in díreach an rud atá uainn
b'fhéidir go bhfuil beagáinín dóchais ann dúinn
b'fhéidir gurb in díreach an aisling mheabhail
tá sé deacair agam a rá mar níl ionam ach scamall

Scríofa ag: Mac Cárthaigh, Mac Conghail, Moloney, Ó Conghaile; Príomhghuth: MC Muipéad; Giotár: Marcus Mac Conghail; Dordghiotár: Cian Mac Cárthaigh; Drumaí: Dave Hingerty; Méarchlár: Fergal Moloney; Taifeadta ag: Karl Odlum; Foilsithe ag: Gael Linn ar an albam "IMLÉ"; Suíomh: www.imle.ie

## 12. TINE – AG FÁS

Nuair a théann an ghrian faoi
Osclaíonn tú do shúile
Iontas mór don domhan thú
Súile glasa san oíche

Téann bliain eile tharainn
Tú fós gealgháireach
Gruaig chatach fhionn
Agus bróga salacha donn
Gan aon nóiméad ciúin
Gan aon nóiméad áiféalach
Tú féin is do mham taobh le taobh go deo na ndeor

Ag fás is cuid den saol í
An corp is an intinn
Ach seachas gach rud
i ndeireadh is léir
Grá an rud is fearr

Anois 'tú cúig bliana d'aois
Ag dul ar scoil san fhómhar
An aimsir amuigh fuar agus fliuch
Tú sona sásta ach do mham faoi bhrón
Tú cróga is cliste cósúil le do dhaid

Ag aois a hocht déag
Thit tú i ngrá
Ach tá do chroí briste
Tá tú gafa ag na drugaí
Imithe is tú trína chéile
Cófra lán le halcól
i d'anáil i gconaí
Ag fás is cuid den saol í
An corp is an intinn
Ach seachas gach rud
i ndeireadh is léir
Grá an rud is fearr

Deich mbliana níos faide anonn
Do pháistí féin agat
Grianghraif do mhaim crochta ar an mballa
Deir tú le d'iníon bheag
Seo na focail a dúirt sí
Ag fás is cuid den saol í
An corp is an intinn
Ach seachas gach rud
i ndeireadh is léir
Grá an rud is fearr

Scríofa ag: Michaela Devane; Príomhghuth: Michaela Devane; Comhcheol: Eva Finn, Kayleen Coen, Erika Overlingaite; Giotár: Saoirse Melvin; Fidil: Siobhán Mooney; Cajón: Eilis Higgins, Kayleen Coen; Feadóg Stáin: Aoife Hernon, Lisa O'Brien; Aistrithe ag: Orla Flanagan, Erin Lally; Eile: Kelly Butler, Aoife Carney, Aoife Conway, Kaela Dixon, Jasmine Dunne, Amy Frizzell, Michaela Gormley, Ciara Hahessy, Sara Iraburu, Anita Jevdokimova, Aoife Maxwell, Stephanie McLoughlin, Marie Mulhern, Alice Rattigan, Chiara Spitzley; Taifeadta ag: Fearghal Saxe i stiúideonna Raidió na Life; Buaiteoirí an chomórtais BEO 2016.

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta
Department of Arts, Heritage, Regional, Rural and Gaeltacht Affairs

## Comórtas Amhránaíochta na Scoileanna 2017

Ón Daingean go California, tá sé dochreidte go bhfuil an oiread ceoltóirí chomh hiontach sin tar éis páirt a ghlacadh i CEOL 2017 le hEoghan McDermott. An phríomhtheachtaireacht atá againn ná gur féidir le duine ar bith an Ghaeilge a úsáid, agus léiríonn an t-albam seo go bhfuil sin iomlán indéanta! Seo deis daoibh an Ghaeilge a úsáid agus a chur chun cinn sa scoil trí pháirt a ghlacadh i gComórtas Amhránaíochta na Scoileanna 2017.

Ní gá do do rang ach ceann amháin de na hamhráin ón albam CEOL 2017 le hEoghan McDermott a roghnú agus é a thaifeadadh le páirt a ghlacadh. Tá duaiseanna iontacha le baint amach agus beidh sé mar spreagadh iontach do na daltaí féin.

Le déanamh ag an rang:
— Roghnaigh amhrán ón albam CEOL 2017 le hEoghan McDermott
— Foghlaim na focail (nó cuid de na focail i gcás ranga le daltaí óga)
— Déan taifeadadh ar an amhrán (le fón póca, inneall taifid fuaime, físcheamara, nó eile)
— Cuir an comhad den amhrán nó cuir nasc youtube chugainn ar ríomhphost chuig ceol@cnag.ie

Spriocdháta do na bunscoileanna:
— Dé Céadaoin, 21 Meitheamh 2017
Spriocdháta do na meánscoileanna:
— Dé hAoine, 13 Deireadh Fómhair 2017

# CEOL 2017
## le hEoghan McDermott



| | DUAISEANNA | Ó DHEAS | Ó THUAIDH |
|---|---|---|---|
| **BUNSCOIL** | Duais amháin – 30 t-léine | Rang 1 go Rang 3 | Rang 3 go Rang 5 |
| | Duais amháin – 30 t-léine | Rang 4 go Rang 6 | Rang 6 go Rang 7 |
| **MEÁNSCOIL** | Dhá dhuais – 30 t-léine an duais | Bliain 1 go Bliain 6 | Bliain 8 go Bliain 14 |

Tá físeán do gach amhrán ar fáil ag www.cnag.ie/ceol
Buíochas leis an gComhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta as tacaíocht a chur ar fáil leis an gcomórtas seo a eagrú agus le RTÉ 2fm don chúnamh ar fad leis an albam a chur le chéile. Tá na focail ar fáil le híoslódáil ar shuíomh gréasáin Chonradh na Gaeilge ag www.cnag.ie/ceol.

### 1. Picture This – Tóg Mo Lámh

Tóg mo Lámh
Is tar i bhfad liom
Féadfaimid cibé rud atá i do cheann a phlé

Bí cairdiúil liom
Ach go rúnda i ngrá liom
Béarfaidh mé ort ag stánadh
Agus tiocfaidh dath ar d'aghaidh

Is breá liom do ghruaig i ngaoth an tsamhraidh
Grá eadrainn ar nós do thuismitheoirí
Cineál faitíos orm roimh do dheartháir
Ó yeah

Tusa a theastaíonn uaim
Is tusa a mhothaím
Beidh mé ag béiceadh ag deireadh na hoíche
Is tú ag filleadh abhaile chuile oíche
Ó yeah

Cosa sa ghaineamh
Is mo chinn san uisce
Luaigh áit ar bith a stór is tógfaidh mé ann thú

Ní féidir liom deileáil
le fuacht na hoíche
Mé i mo sheasamh ann préachta
Ach m'éadaí álainn ortsa
Do lámh tríd mo ghruaig is muid le chéile
Mé féin agus do dheartháir an-chairdiúil
Dúirt sé go dtuigeann sé an grá atá eadrainn

Ó yeah

Tarraingeoidh mé trioblóid ortsa
Beidh mé dúnta i ngrá leat
Beimid ar meisce
Gan chiall lenár bhfocail
Ní bhainfidh aon rud an ghaoth as ár seolta
Ó no

Tóg mo Lámh
Is tar i bhfad liom
Féadfaimid cibé rud atá i do cheann a phlé

Is breá liom do ghruaig i ngaoth an tsamhraidh
Grá eadrainn ar nós do thuismitheoirí
Mé féin agus do dheartháir an-chairdiúil
Mé féin agus do dheartháir an-chairdiúil

Tusa a theastaíonn uaim
Is tusa a mhothaím
Beidh mé ag béiceadh ag deireadh na hoíche Is tú ag filleadh abhaile chuile oíche
Ó yeah

Tarraingeoidh mé trioblóid ortsa
Beidh mé dúnta i ngrá leat
Beimid ar meisce
Gan chiall lenár bhfocail
Ní bhainfidh aon rud an ghaoth as ár seolta
Ó no

Tóg mo Lámh
Is tar i bhfad liom
Féadfaimid cibé rud atá i do cheann a phlé

Scríofa ag: Ryan Hennessy, Jimmy Rainsford; Príomhghuth: Ryan Hennessy; Giotár: Jimmy Rainsford; Dordghiotár: Jimmy Rainsford; Drumaí: Jimmy Rainsford; Taifeadadh & Máistriú déanta ag: Jimmy Rainsford; Foilsithe ag: Rainsford, Hennessy; Aistrithe ag: Liam Óg Ó hOistín; Suíomh: www.picturethismusic.com

### 2. The Blizzards – In Ainm Is A Bheith Foirfe

Táim tar éis a bheith ag cuardach
Tar éis mo chairde is fearr a chailliúint
Táim ag lobhadh i bhfásach
Luím le daoine gur fuath liom
Nílim ag rá gur amadán mé
Gan réiteach nó fiú plean
Ligim buairt mé a shealbhú
Déan neamhaird orthu siúd

Tá sí in ainm is a bheith foirfe
Cad ina thaobh gur fuath liom í
Imíonn sí uaim
Imíonn sí uaim

Tá sí in ainm is a bheith foirfe
Cad ina thaobh gur fuath liom í
Imíonn sí uaim
Imíonn sí uaim

Táim go breá ach ní bheidh mé
Íocann tú as d'eachtraí
Táim ag bá fiú ar talamh
Nílim ag súil go dtuigfidh tú
Is splanc thintrí í
Ach níos dorcha ná dubh atáim
Níl uaim í a thabhairt liom
Is agamsa atá áit folaigh

Tá sí in ainm is a bheith foirfe
Cad ina thaobh gur fuath liom í
Imíonn sí uaim
Imíonn sí uaim

Tá sí in ainm is a bheith foirfe
Cad ina thaobh gur fuath liom í
Imíonn sí uaim
Imíonn sí uaim

Is cailín greannmhar tú do dhuine
chomh dathúil
Is leagan dona mé de Walter Mitty
Is féidir liom ligean (orm) go bhfuilim go breá
Ach taobh istigh, ní mar sin atá
Tá droch-chlú orm i gcathair chomh beag
Tar éis a bheith ag rith ón ngrá táim braon de
Ach tá stair agam, geallfad duit
Agus mé uaigneach tuigim go mbeidh mé go breá

'Sí foirfe (x6)

Tá sí in ainm is a bheith foirfe (x4)

Níl aon ghrá sa chathair anocht
Ach is fiú an troid don duine ceart
'Sí foirfe

'Sí foirfe
Tá sí in ainm is a bheith foirfe

Níl aon ghrá sa chathair anocht
Ach is fiú an troid don duine ceart
'Sí foirfe
'Sí foirfe
Tá sí in ainm is a bheith foirfe

Scríofa ag: Breslin, Ryan, Doran, Murphy, Lynch; Príomhghuth: Niall Breslin; Giotár: Justin Ryan; Dordghiotár: Anthony Doran; Drumaí: Declan Murphy; Méarchlár: Aidan Lynch; Taifeadta ag: Philip Magee; Foilsithe ag: Reckless Records; Aistrithe ag: Orlaith Nic Ghearailt, Edel Ní Bhraonáin; Suíomh: www.theblizzards.ie

### 3. Walking On Cars – Carr Os Mo Chomhair

Má bhím i lár na sráide
Carr os mo chomhair
Chun teacht ar do chuid óir
Cad ba mhaith leat
Cad atá sa cheann
Gheobhadsa bonn
Is breá liom ná feadar siad

An t-aon ní atá againn ná na rúin seo
Na diabhail sa dorchadas
Bréag arís, n'fheadaraís
Níl aon deireadh leis
Ní bheidh a fhios acu go deo
Fhios fiú leath-mhiongháire
Clog ar nós mo lámha
Bheimis mar leathchairde
Caithfimidne scaoileadh leis go fóill

Ag canadh hey yeah hey yeah hey yeah hey yeah
hey yeah hey yeah hey yeah

Caithfimidne scaoileadh leis
Scaoileadh leis go fóill

Ag canadh hey yeah hey yeah hey yeah hey yeah
hey yeah hey yeah hey yeah

Beadsa ag cuimhneamh ort
Ó ag cuimhneamh ort go deo

Má bhím i lár na sráide
Carr os mo chomhair
Chun teacht ar do chuid óir
Cad ba mhaith leat
Cad atá sa cheann
Gheobhadsa bonn
Is breá liom ná feadar siad

An t-aon ní atá againn ná na rúin seo
Na diabhail sa dorchadas
Bréag arís, n'fheadaraís
Níl aon deireadh leis
Ní bheidh a fhios acu go deo
Fhios fiú leath-mhiongháire
Clog ar nós mo lámha
Bheimis mar leathchairde
Caithfimidne scaoileadh leis go fóill

Ag canadh hey yeah hey yeah hey yeah hey yeah
hey yeah hey yeah hey yeah

Caithfimidne scaoileadh leis
Scaoileadh leis go fóill

Ag canadh hey yeah hey yeah hey yeah hey yeah
hey yeah hey yeah hey yeah

Beadsa ag cuimhneamh ort
Ó ag cuimhneamh ort go deo

Má bhím i lár na sráide
Carr os mo chomhair
Chun teacht ar do chuid óir
Cad ba mhaith leat
Cad atá sa cheann
Gheobhadsa bonn
Is breá liom ná feadar siad

An t-aon ní atá againn ná na rúin seo
Na diabhail sa dorchadas
Bréag arís, n'fheadaraís
Níl aon deireadh leis
Ní bheidh a fhios acu go deo
Cuir mo rún ar fhógra
Caithfeadsa bheith cróga
Ar nós an té is óige
So cuir mo rún ar fhógra
Caithfeadsa bheith cróga

Ar nós an té is óige
So cuir mo rún ar
Cuir mo rún ar fhógra

Ag canadh hey yeah hey yeah hey yeah hey yeah
hey yeah hey yeah hey yeah

Caithfimidne scaoileadh leis
Scaoileadh leis go fóill

Ag canadh hey yeah hey yeah hey yeah hey yeah
hey yeah hey yeah hey yeah

Beadsa ag cuimhneamh ort
Ó ag cuimhneamh ort go deo

i lár na sráide le carr os mo chomhair

Ag cuimhneamh ort go deo
Ag cuimhneamh ort go deo

hey yeah hey yeah hey yeah hey yeah hey yeah hey
yeah hey yeah

Beadsa ag cuimhneamh ort
Ó ag cuimhneamh ort go deo

Scríofa ag: Patrick Sheehy, Sorcha Durham, Dan Devane, Paul Flannery, Evan Hadnett; Príomhghuth: Patrick Sheehy; Giotár: Dan Devane; Dordghiotár: Paul Flannery; Drumaí: Evan Hadnett; Taifeadta ag: Jack Ruston i 'State Of The Ark', Londain; Máistriú déanta ag: Mark McCabe; Foilsithe ag: Big Life Music New Works; Aistrithe ag: Sorcha Durham, Róisín Ní Lúing, Patrick Sheehy, Ben Moriarty; Suíomh: www.walkingoncars.com

### 4. Gavin James – Neirbhíseach

Geallaim duit mo lámha i do thimpeall
Nuair a bhíonn tú préachta i lár na hoíche
Le déanaí is mé ag smaoineamh nár thaispeáin mé
Go spreagann tú an ceol seo i mo chroí

An fhéile sin dár sásamh i lár an tsamhraidh
Faitíos orainn roimh thaibhsí ar an traen
Is mar a tharlaíonn ag deireadh gach lae,
Is dóigh liom go raibh ár ngrá ag dul in éag
Ní ligfidh mé don ghrá seo dul i méid (mar sin)

Beagáinín neirbhíseach nuair a bhí mé leat
Ag creathadh is ar crith le brionglóidí
Na hamhráin sin nach bhfuil cloiste agam go fóill
Níor aithin mé na focail i mo chroí
I mo chroí

Nach orm atá an stró

Cé a bheidh leat go deo?

Cé a bheidh leat go deo?
Cé a bheidh leat go deo?
Mura mbím ann

Duine nua láidir le do thaobh
An ghaoth sa gheimhreadh orm níos measa fós
Seans go gcasfar ar a chéile sinn go fóill
B'fhéidir nach dtarlóidh
Ní thabharfaidh mé an grá seo duit go fóill (mar sin)

Ní go fóill

Ní thabharfaidh mé an grá seo duit go fóill (mar sin)

Scríofa ag: Gavin James; Príomhghuth: Gavin James; Giotár: Gavin James; Foilsithe ag: Kobalt; Aistrithe ag: Jenny Ní Ruiséil; Suíomh: www.gavinjamesmusic.com

### 5. Matt Simons – Ag Glacadh is Ag Scaoileadh

Is liom an áit seo
Nach n-airím cráite
Níl mé caillte
Is rud ann atá de dhíth

Áit ar shamhlaigh mé faoi
Chuile rud geal faoin ngrian
Is na hoícheanta lán
Talann is féidearthachtaí

Chuile rud thar mo cheann
Ag siúl gan mo chosa fúm
Tóg anois mé go háit ina mbeidh
'n crá chroí seo imithe
Lean anois ann ar aghaidh
Stop leat ag coinneáil greim
Glac an lá sin is béic amach an
chuid sin dím

Ó lá go lá 'mé dall don ghrian
Is imithe liom
Gan stró

Leanann chuile dhuine réasún
Leanann chuile dhuine é
Muid ag glacadh is ag scaoileadh
A fhorbraíonn i gcaitheamh an lae
Fanann sé istigh ann
Ag cuisliú trí do chorp
Ag roinnt rún dá chéile
Is ag cuimhneamh faoin saol seo

Is liom an áit seo
Nach n-airím cráite
Gan analú níos moille
Lig amach is fan lasmuigh
Bíonn faitíos orainne
I gcaitheamh na huaire
is ag soiléiriú nuair,
a fhanann mothúcháin laistigh

Chuile rud thar mo cheann
Ag siúl gan mo chosa fúm
Tóg anois mé go háit ina mbeidh
'n crá chroí seo imithe
Lean anois ann ar aghaidh
Stop leat ag coinneáil greim
Glac an lá sin is béic amach an
chuid sin dím

Ó lá go lá mé dall don ghrian
Is imithe liom
Gan stró

Leanann chuile dhuine réasún
Leanann chuile dhuine é
Muid ag glacadh is ag scaoileadh
A fhorbraíonn i gcaitheamh an lae

Fanann sé istigh ann
Ag cuisliú trí do chorp
Ag roinnt rún dá chéile
Is ag cuimhneamh faoin saol seo

Leanann chuile dhuine réasún
Leanann chuile dhuine é
Muid ag glacadh is ag scaoileadh
A fhorbraíonn i gcaitheamh an lae

Fanann sé istigh ann
Ag cuisliú trí do chorp
Ag roinnt rún dá chéile
Is ag cuimhneamh faoin saol seo

Scríofa ag: Simons, Mattiasson; Príomhghuth: Matt Simons; Giotár: Erik Mattiasson; Drumaí: Erik Mattiasson; Taifeadta ag: Erik Mattiasson; Máistriú déanta ag: Bob Ludwig; Foilsithe ag: Simons, Kobalt, IQ Music; Aistrithe ag: Jenny Ní Ruiséil; Suíomh: www.mattsimonsmusic.com

### 6. Delorentos – Téigh sa Seans

Chonaic mé an tine inniu
Is bhreathnaigh mé isteach inti
Beirt againn trí thine go luath
Agus céim ar chéim ag déanamh dearmaid ar
An áit a rabhamar inné

Bímis réidh leis
Déan dearmad
Ní fiú é
Téigh sa seans
Is tapaigh an deis
Ná féach siar
Bog ar aghaidh
Téigh sa seans
Is tapaigh an deis

Bhínn ag snámh i m' luí
Aisling ar an muir agus na mílte féidearthachtaí
Ach anois is mé i m' shuí
Gan éalú ó na tonnta nó na taoidí

Bímis réidh leis
Déan dearmad
Ní fiú é
Téigh sa seans
Is tapaigh an deis
Ná féach siar
Bog ar aghaidh
Téigh sa seans
Is tapaigh an deis
Is tapaigh an deis

Aer fionnuar anseo
Gach anáil a ghlactar mar mheabhrú ar an saol mar atá
Ta sé ar nós scannáin
Muid anseo gan aon tuiscint céard atá i ndán
Bímis réidh leis
Déan dearmad
Ní fiú é
Téigh sa seans
Is tapaigh an deis
Ná féach siar
Bog ar aghaidh
Téigh sa seans
Is tapaigh an deis (x5)

Scríofa ag: Delorentos; Príomhghuth: Kieran Mc Guinness, Ro Yourell; Giotár: Ronan Yourell, Kieran Mc Guinness; Dordghiotár: Nial Conlan; Drumaí & Méarchlár: Ross Mc Cormick; Taifeadta & Léirithe ag: Rob Kirwan; Guth taifeadta ag: Adrian Garry; Aistrithe ag: Maria Schäler; Suíomh: www.delorentos.net t

### 7.Gabrielle Aplin – Airím (Uaim) Tú

Céard atá ar siúl agat (mar sin)?
'Mé ag dúiseacht liom féin an saol foirfe liom
An bhfuil tú mar a chéile?
Abair é más maith leat ach níor mhaith liom an t-eolas
Beidh, beidh an t-am curtha amú gan sásamh ón aidhm
Céard atá ar siúl agat (mar sin)?
'Mé do do chuartú aréir ach ní tú a bhí ann
An bhfuil tú mar a chéile?
Ag ceapadh go bhfuil tú níos fearr leat féin
Ní fhaighim, aon fhaoiseamh nó éalú ó d'aghaidh
Do ghrá ann i ngan fhios dom is mé mar

A stór airím tú
An t-aon rud geallta fúm
'Mé ag filleadh ar ais go luath
ní scaoilfear leat go deo
Ó airím tú
Leithscéalta ag dul amú
'Mé ag filleadh ar ais go luath
ní scaoilfear leat go deo
Ó ní scaoilfear leat go deo

Céard atá ar intinn?
Ag suí leat sa gcarr is tú leath déanta liom
Ag rá nach raibh fadhb
Mar is fada an lá ó bhí tú ar mo shon
Gan mhairg, tú ag glacadh le deireadh na ndeor
ag clúdach m'aghaidhe
Ach anois airíonn tú mo chroíse, is mé mar

A stór airím tú
An t-aon rud geallta fúm
'Mé ag filleadh ar ais go luath
ní scaoilfear leat go deo
Ó airím tú
Leithscéalta ag dul amú
'Mé ag filleadh ar ais go luath
ní scaoilfear leat go deo
Ó ní scaoilfear leat go deo

'mbeidh tú liom i gcónaí?
'mbeidh tú ar mo thaobh?
Is duine mar thú is do ghrá atá de dhíth
'mbeidh tú liom i gcónaí
'mbeidh tú ar mo thaobh?
Is duine mar thú is do ghrá atá de dhíth

A stór airím tú
An t-aon rud geallta fúm
'Mé ag filleadh ar ais go luath
ní scaoilfear leat go deo
Ó airím tú
Leithscéalta ag dul amú
'Mé ag filleadh ar ais go luath
ní scaoilfear leat go deo
Ó ní scaoilfear leat go deo

'mbeidh tú liom i gcónaí?
'mbeidh tú ar mo thaobh?
Is duine mar thú is do ghrá atá de dhíth
'mbeidh tú liom i gcónaí?
'mbeidh tú ar mo thaobh?
Is duine mar thú is do ghrá atá de dhíth

Scríofa ag: Liz Horsman, Gabrielle Aplin; Príomhghuth: Gabrielle Aplin; Pianó: Gabrielle Aplin; Foilsithe ag: Peer Music; Aistrithe ag: Jenny Ní Ruiséil;
Suíomh: www.gabrielleaplin.co.uk

### 8. Seo Linn – Solas

Is minic triail a d'fhan liom le fada ina dhiaidh
Dá mhéad an stró 'sea 's fearr na ceachtanna
Tá mé ag siúl liom gan beann orm féin ná'r mo threo
Anois caithfidh mé tiontú 's filleadh ar ais chun bairr

Seod an lá
A leagadh amach dom, a rith liom i gcónaí im' chroí
Agus tá
An solas ag titim, ag sileadh anuas ar an aoibh

B'í an lasair im' chroí a spreag dom an tseanmhian
Meangadh machnaimh 's mé i bhfolach ann
D'fhág mé an lorg ar lár an lá sin a rith mé
"Bíodh leat 's ná lean an té a lean..."

Seod an lá
A leagadh amach dom, a rith liom i gcónaí
im' chroí
Agus tá
An solas ag titim, ag sileadh anuas ar an aoibh

Ná bí ann - ins an dorchacht
Oh no ná bí ann - ins an bhforaois
Oh no ná bí ann - ins an dorchacht
Oh no ná bí ann – ins an bhforaois
Oh no ná bí ann - rith le solas
Oh no ná bí ann - ins an bhforaois
Oh bíodh tú ann - ins an solas
Oh bíodh tú ann - tú ann - tú ann
Seod an lá
A leagadh amach dom, a rith liom i gcónaí im' chroí
Agus tá
An solas ag titim, ag sileadh anuas ar an aoibh

Seod an lá
A leagadh amach dom, a rith liom i gcónaí im' chroí
Agus tá
An solas ag titim, ag sileadh anuas ar an aoibh
Seod an lá
A leagadh amach dom, a rith liom i gcónaí
im' chroí
Agus tá
An solas ag titim, ag sileadh anuas ar an aoibh

B'í an lasair im' chroí a spreag dom an tseanmhian
Meangadh machnaimh 's mé i bhfolach ann

Scríofa ag: Stiofán Ó Fearail, Daithí Ó Ruaidh, Keith Ó Briain, Kevin Shortall; Príomhghuth: Daithí Ó Ruaidh, Stiofán Ó Fearail; Giotár: Stiofán Ó Fearail; Dordghiotár: Keith Ó Briain; Drumaí: Keith Ó Briain; Bosca Ceoil: Kevin Shortall; Méarchlár: Daithí Ó Ruaidh; Taifeadta ag: Keith Ó Briain, James Darkin; Eile: Leis an Cork Youth Orchestra; Scór déanta ag: Paul Frost; Suíomh: www.seolinn.com

### 9. The Coronas – Inis Dom Arís

Ní thuigeann tú théis na mblianta
Ní éisteann tú ariamh
Ach nuair nach bhfuil éinne thart
Athraíonn d'aoibh

Ó inis dom arís
Go gcuireann tú le mo shaol
Mo chara dhílis
Éist níl aon bhaol

Ag streachailt chun é a mhíniú
Tuigfidh mé gan fhadhb
Beidh mé ann le tacú
Chun thú a threorú ar aghaidh

Ó inis dom arís
Go gcuireann tú le mo shaol
Mo chara dhílis
Tarraing do phictiúr dom
Ó ní riamh arís
Mo chara dhílis

An bhfanfaidh tú anseo?
An dtitfidh mé siar?
Beidh mé ag imeacht ach ní miste leat
i ndáiríre
Ag dul i bhfeidhm ort chomh héasca sin
Ortsa níl aon aithne mhaith
Mar sin pé scéal é déan cinnte bheith
sona le do ghrá

Ag streachailt chun é a mhíniú
Tuigfidh mé gan fhadhb
Beidh mé ann le tacú
Chun thú a threorú ar aghaidh

Ó inis dom arís
Go gcuireann tú le mo shaol
Mo chara dhílis
Tarraing do phictiúr dom
Ó ní riamh arís
Beidh mé ann i do shaol
Mo chara dhílis
Éist níl aon bhaol

Scríofa ag: David McPhillips; Príomhghuth: David McPhillips; Giotár: David McPhillips; Fonnadóireacht Taca: Danny O'Reilly; Pianó: Danny O'Reilly; Veidhlín/Vióla: Elspeth Hanson; Taifeadta ag: Gavin Muddiman; Foilsithe ag: Big Life Music New Works; Aistrithe ag: Niamh Ní Ghoill; Suíomh: www.thecoronas.net

### 10. Heathers – Mí na Samhna

Oíche fhuar inár n-aghaidh
Cuimhneamh siar go mí na Samhna
Le mo shúile ar d'aghaidh
Gan fhios cén uair le ligean dhó
Crochadh ort le greim
Ag fanacht ar chúrsaí le hathrú
Tú ag breathnú ar aghaidh
Ag cuardach d'áite féin sa saol mór

Ó tá an domhan seo lán le doiléireacht shéimh
Oibríonn sé ar do shonsa
Faoi cheilt i gcónaí ar thaobh

Ó thréig tú mé i lár fhuacht an gheimhridh
Is an spéir ag titim
Anuas orm is mé liom féin
Ó thréig tú mé i lár fhuacht an gheimhridh
Mo chroí trom ag titim
Gan tú liom liom liom

Oíche fhuar inár n-aghaidh
Cuimhneamh siar go mí na Samhna
Le mo shúile ar d'aghaidh
Le go leor deacracht' is stró
Nuair a théann ciall i gcéin
Díreach cosúil le do mheonsa
Is tú imithe ar strae
Ní mhothóidh tú seo arís go brách

Ó tá an domhan seo lán le doiléireacht shéimh
Oibríonn sé ar do shonsa
Faoi cheilt i gcónaí ar thaobh

Ó thréig tú mé i lár fhuacht an gheimhridh
Is an spéir ag titim
Anuas orm is mé liom féin
Ó thréig tú mé i lár fhuacht an gheimhridh
Mo chroí trom ag titim
Gan tú liom liom liom

Anois táim caillte
Ins an chiúnas i lár sneachta i rith an tsamhraidh
Is cuimhin liom tú ag glaoch amach dom féin
Bhfuil tú caillte?
Ins an chiúnas i lár sneachta i rith an tsamhraidh
Duine eile ag glaoch amach duit féin

Ó thréig tú mé i lár fhuacht an gheimhridh
Is an spéir ag titim
Anuas orm is mé liom féin
Ó thréig tú mé i lár fhuacht an gheimhridh
Mo chroí trom ag titim
Gan tú liom liom liom

Ó thréig tú mé i lár fhuacht an gheimhridh
Is an spéir ag titim
Anuas orm is mé liom féin
Ó thréig tú mé i lár fhuacht an gheimhridh
Mo chroí trom ag titim
Gan tú liom liom liom

Scríofa ag: Louise Macnamara, Colin Devlin; Príomhghuth: Louise Macnamara, Ellie Macnamara; Giotár: Louise Macnamara; Dordghiotár: Louise Macnamara; Drumaí: John Reynolds; Traic taifeadta ag: John Reynolds; Guth taifeadta ag: Louise Macnamara; Máistriú déanta ag: Kevin Metcalfe ag Soundmasters; Aistrithe ag: Ian Mac Gabhann; Suíomh: www.heathersmusic.net

### 11. IMLÉ – Críochfort

Meas tú céard a dhéanfar leis na hacmhainní
atá againn
An ligfidh muid orainn nach mbeidh deireadh
leo go deo
nó diriú ar an ídiú le tuile luas ghearú
smaoineamh ar an ngearradh siar, sin srian
a shamhlú

Meas tú an bhfuil sé fíor nach féidir ariamh
éalú ón deireadh, ceann scríbe an duine
déan mar is mian leat ach ná déan dearmad
níl ionat ach scamall anseo ar an bplainéad

Tinn tuirseach den teidlíocht a léirítear
scaití ní bhíonn mé (bhím) féin mórán níos fearr
fear leithliseach, gan chiall, leibide santach
rud a chuireadh drochbhail ar mhisneach

cén fáth nach bhfeiceann tú
na rudaí céanna a fheiceann mé (fheicim) nuair
a bhreathnaíonn
tú amach ar an gcuan álainn sin amach romhainn

Na rudaí céanna a bhfeiceann mé (fheicim)

Tá a fhios agaibh nuair a bhíonn sibh cráite
caite ag an gcur i gcéill nach stopann ag grágáil
gan loighic ná ciall ar nós inneall tionsclaíoch
gan smacht intinne ní aimseoidh tú do chríochfort

B'fhéidir gurb in díreach an rud atá uainn
b'fhéidir nach bhfuil aon dóchas ann dúinn
b'fhéidir gurb in díreach an aisling mheabhail
tá sé deacair agam a rá mar níl ionam ach scamall

B'fhéidir nach bhfuil a leithéid de rud ann agus
faoiseamh
b'fhéidir nach bhfuil le déanamh ach a bheith ag
caoineadh
nó gluaiseacht chun cinn ag fuaimiú go binn
ag neartú an phaisin is ag cur leis an domhan

cén fáth nach bhfeiceann tú
na rudaí céanna a fheiceann mé (fheicim) nuair a
bhreathnaíonn
tú amach ar an gcuan álainn sin amach romhainn

Na rudaí céanna a bhfeiceann mé (fheicim)

níl tú leat féin, a mhac
feargach líonta lán de bhrón
caith uait an diúltach
scaip an dearfach timpeall an domhain

níl tú leat féin, a mhac
níl tú leat féin, a mhac
caith uait an diúltach
scaip an dearfach timpeall an domhain

B'fhéidir gurb in dírech an rud atá uainn
b'fhéidir go bhfuil beagáinín dóchais ann dúinn
b'fhéidir gurb in díreach an aisling mheabhail
tá sé deacair agam a rá mar níl ionam ach scamall

B'fhéidir go bhfuil leithéid de rud ann agus
faoiseamh
b'fhéidir nach bhfuil le déanamh ach a bheith ag
caoineamh
nó gluaiseacht chun cinn ag fuaimiú go binn
ag neartú an phaisin is ag cur leis an domhan

cén fáth nach bhfeiceann tú

Tá a fhios agaibh nuair a bhíonn sibh cráite
caite ag an gcur i gcéill nach stopann ag grágáil
gan loighic ná ciall ar nós inneall tionsclaíoch
gan smacht intinne ní aimseoidh tú do chríochfort

B'fhéidir gurb in díreach an rud atá uainn
b'fhéidir go bhfuil beagáinín dóchais ann dúinn
b'fhéidir gurb in díreach an aisling mheabhail
tá sé deacair agam a rá mar níl ionam ach scamall

Scríofa ag: Mac Cárthaigh, Mac Conghail, Moloney, Ó Conghaile; Príomhghuth: MC Muipéad; Giotár: Marcus Mac Conghail; Dordghiotár: Cian Mac Cárthaigh; Drumaí: Dave Hingerty; Méarchlár: Fergal Moloney; Taifeadta ag: Karl Odlum; Foilsithe ag: Gael Linn ar an albam "IMLÉ"; Suíomh: www.imle.ie

### 12. TINE – AG FÁS

Nuair a théann an ghrian faoi
Osclaíonn tú do shúile
Iontas mór don domhan thú
Súile glasa san oíche

Téann bliain eile tharainn
Tú fós gealgháireach
Gruaig chatach fhionn
Agus bróga salacha donn
Gan aon nóiméad ciúin
Gan aon nóiméad áiféalach
Tú féin is do mham taobh le taobh go deo
na ndeor

Ag fás is cuid den saol í
An corp is an intinn
Ach seachas gach rud
i ndeireadh is léir
Grá an rud is fearr

Anois 'tú cúig bliana d'aois

Ag dul ar scoil san fhómhar
An aimsir amuigh fuar agus fliuch
Tú sona sásta ach do mham faoi bhrón
Tú cróga is cliste cósúil le do dhaid

Ag aois a hocht déag
Thit tú i ngrá
Ach tá do chroí briste
Tá tú gafa ag na drugaí
Imithe is tú trína chéile
Cófra lán le halcól
i d'anáil i gconaí
Ag fás is cuid den saol í
An corp is an intinn
Ach seachas gach rud
i ndeireadh is léir
Grá an rud is fearr

Deich mbliana níos faide anonn
Do pháistí féin agat
Grianghraif do mhaim crochta ar an mballa

Deir tú le d'iníon bheag
Seo na focail a dúirt sí
Ag fás is cuid den saol í
An corp is an intinn
Ach seachas gach rud
i ndeireadh is léir
Grá an rud is fearr

Scríofa ag: Michaela Devane; Príomhghuth: Michaela Devane; Comhcheol: Eva Finn, Kayleen Coen, Erika Overlingaite; Giotár: Saoirse Melvin; Fidil: Siobhán Mooney; Cajón: Eilis Higgins, Kayleen Coen; Feadóg Stáin: Aoife Hernon, Lisa O'Brien; Aistrithe ag: Orla Flanagan, Erin Lally; Eile: Kelly Butler, Aoife Carney, Aoife Conway, Kaela Dixon, Jasmine Dunne, Amy Frizzell, Michaela Gormley, Ciara Hahessy, Sara Iraburu, Anita Jevdokimova, Aoife Maxwell, Stephanie McLoughlin, Marie Mulhern, Alice Rattigan, Chiara Spitzley; Taifeadta ag: Fearghal Saxe i stiúideonna Raidió na Life; Buaiteoirí an chomórtais BEO 2016.

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta
Department of Arts, Heritage, Regional, Rural and Gaeltacht Affairs